

COISTE NA GAEILGE



**Cruinniú Dé Céadaoin
29 Deireadh Fómhair 2014
Seomra an Bhoird,
Teach an Phropaist
3.00pm**

**Meeting Wednesday
29 October 2014
Board Room,
Provost's House
3.00pm**

DRÉACHT-MIONTUAIRISÍ

DRAFT MINUTES

I láthair:

- Ball Tofa den Bhord (sa Chathaoir) – Liam Dowling
- Oifigeach na Gaeilge (sealadach) – Aoife Crawford (Rúnaí)
- Rúnaí an Choláiste – John Coman
- An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Caoimhe Ní Lochlainn
- Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Fionn Ó Deá
- Aontas na nIarchéimithe – Caitlín Nic Íomhair
- Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta – An Dr Colm Ó Dúnlaing
- Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Deirdre D'Arcy
- Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Patricia O'Beirne

Present:

- Elected Board Member (in the Chair) – Liam Dowling
- Irish Language Officer (acting) – Aoife Crawford (Secretary)
- Secretary to the College – John Coman
- Administrative and Support Area – Caoimhe Ní Lochlainn
- Auditor of An Cumann Gaelach – Fionn Ó Deá
- Graduate Students' Union – Caitlín Nic Íomhair
- Faculty of Engineering, Mathematics and Science – Dr Colm Ó Dúnlaing
- Faculty of Health Sciences – Dr Deirdre D'Arcy
- Irish Language Officer of the Students' Union – Patricia O'Beirne

1. Leithscéalta:

- Clárartheoir na Seomraí – An Dr Bridget Kane
- Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – An Dr Carmel O'Sullivan
- Déan – an tOll. Joseph Barry (Pro-Déan)
- Roinn na Gaeilge – An Dr Pádraig de Paor
- An Leabharlann – Clóna Ní Shuilleabháin

1. Apologies:

- Registrar of Chambers – Dr Bridget Kane
- Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Carmel O'Sullivan
- Dean – Prof. Joseph Barry (Pro-Dean)
- Department of Irish – Dr Pádraig de Paor
- Library – Clóna Ní Shuilleabháin

2. Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí chruinniú an 29 Bealtaine 2014.

3. Ag éirí as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

4. Fáilte roimh bhaill nua

Chuir an coiste fáilte roimh na baill nua: An Dr Pádraig de Paor ó Roinn na Gaeilge (tá an Dr Eoin Mac Cárthaigh ar saoire shabóideach faoi láthair), Fionn Ó Deá, Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh, agus Patricia O'Beirne, Oifigeach na Gaeilge de chuid Aontais na Mac Léinn.

5. Tuairisc an Oifigigh Gaeilge

Glacadh leis go raibh an tuairisc léite ag an choiste, agus pléadh na príomh-phointí go mion, faoi na ceanteidil seo a leanas:

An Reachtaíocht Teanga

Cuirtear pobal an Choláiste ar an eolas maidir lena gcuid cearta faoin reachtaíocht teanga trí cháipéisí clóite ábharthacha a chur ar fáil go forleathan, agus leathanaigh ghréasáin a bhaineann leis an ábhar a choinneáil ar shuíomh Oifig na Gaeilge. Labhair an tOifigeach Gaeilge le mic léinn ar an ábhar ag tús na bliana acadúla, agus dúirt go bhfuil Oifig na Gaeilge ar fáil má tá ceist nó gearán acu. Bhí cruinniú ag an Choiste Forfheidhmithe le déanaí agus tá an coiste sin sásta go bhfuil an Coláiste ag comhlíonadh na ndualgaisí atá air faoin reachtaíocht teanga don chuid is mó. Tá tuilleadh oibre le déanamh ar chomharthaíocht agus ar fhógairtí taifeadta béil.

Seirbhísí Custaiméara

Cuireadh feachtas ar bun i rith an tsamhraidh 2014 le seirbhísí Gaeilge sa Choláiste a fhógairt níos forleithne – scaipeadh comharthaí soghluaiste a léiríonn cumas Gaeilge i measc na foirne, iarradh ar bhaill foirne atá sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge é sin a lua ina gcuid sínithe ríomhphoist, agus rinneadh nuashonrú ar an eolaire foirne le Gaeilge. Tá feidhmiúlacht Ghaeilge ar People Finder le teacht. Labhair an tOifigeach Gaeilge go díreach le mic léinn chomh maith faoi na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil sa Choláiste agus an tábhacht a bhaineann le hiad a lorg.

2. Minutes

The minutes of the meeting of 29 May 2014 were accepted.

3. Matters arising

There were no matters arising from the minutes.

4. Welcome to new members

The committee welcomed its new members: Dr. Pádraig de Paor from the Department of Irish (Dr. Eoin Mac Cárthaigh is currently on sabbatical leave), Fionn Ó Deá, Reachtaire of An Cumann Gaelach, and Patricia O'Beirne, Irish Language Officer of the Students' Union.

5. Report of the Irish Language Officer

The report was taken as read, and the main points were discussed in detail, under the following headings:

Language Legislation

The College community are made aware of their rights under the language legislation through the wide availability of relevant printed documents, and the maintenance of webpages dealing with the subject on the Irish Language Office website. The Irish Language Officer spoke with students on this subject at the beginning of the academic year, and informed them that the Irish Language Office is available if they have a question or complaint. The Implementation Committee held a meeting recently, and that committee is satisfied that the College is fulfilling its duties under the language legislation for the most part. Further work is needed in the areas of signage and recorded oral announcements.

Customer Services

A campaign was initiated in summer 2014 to advertise existing Irish language services in the College more widely – mobile signs indicating proficiency in Irish were distributed amongst the staff, staff members who are happy to do business in Irish were asked to indicate same in their email signatures, and the directory of Irish-speaking staff was updated. Irish-language functionality on People Finder is in development. The Irish Language Officer also spoke directly to students about the Irish language services that are available in College and the importance of requesting them.

Pléadh ceist an éilimh ar na seirbhísí Gaeilge sa Choláiste. Cé nach bhfuil staitisticí ar a leithéid ar fáil, go hiondúil deir baill foirne a bhíonn ag tabhairt seirbhísí Gaeilge go mbíonn an t-éileamh sách íseal, agus deir mic léinn go bhfuil faitíos orthu roimh na seirbhísí a lorg. Táthar ag súil go gcuideoidh an feachtas feasachta le dá thaobh an scéil. Mhol Ionadaí Aontas na nIarchéimithe gur maith an rud é dá mbeadh a fhios ag mic léinn atá ag iarraidh seirbhís custaiméara trí Ghaeilge sa Leabharlann cé hiad na baill foirne atá ag cur seirbhíse Gaeilge ar fáil, mar shampla trí liosta a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Leabharlainne. Tá an cheist sin le plé le hIonadaí na Leabharlainne, nach raibh i láthair ag an chruinniú.

Tá ball foirne san Oifig Fhiosrúcháin anois atá in ann glacadh le fiosruithe simplí trí Ghaeilge agus tá sí i mbun traenála teanga faoi láthair.

Seirbhísí Aistriúcháin

Roghnaíodh Europus le seirbhísí aistriúcháin a sholáthair d'Oifig na Gaeilge (agus Oifigí Gaeilge Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath / Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath) tar éis próisis roghnúcháin idir 3 chomhlacht, a chríochnaíodh i mí Lúnasa 2014. Tá gealltanais tugtha ag Europus sa chonradh nua maidir le cáipéisí práinneacha, agus dheimhnigh Ionadaí an Limistéir Riaracháin agus Tacaíochta (Preas-Oifigeach an Choláiste) go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar cé chomh tapa is a thagann aistriúcháin ar phreas-ráitis ar ais chuig Oifig na Cumarsáide.

Tá an tOifigeach Gaeilge buíoch as an obair a dhéanann Caoimhe Ní Bhraonáin, Roinn na Gaeilge, ar aistriúcháin na hOifige a phrofléamh.

Seomra na Gaeilge

Tá an-ráth ar Sheomra na Gaeilge agus an méid daoine a úsáideann an seomra ag méadú bliain i ndiaidh bliana. Cuireann an Cumann Gaelach imeacht darbh ainm "Anraith agus Arán" ar siúl sa seomra, agus meallann sé sin 40-50 daoine isteach sa seomra gach Céadaoin.

Bhí cruinniú ag Choiste Sheomra na Gaeilge le déanaí, agus bhí an coiste sin den tuairim gur chóir tógáil ar an ráth seo agus éileamh níos mó ar an seomra a chruthú, mar shampla trí chumann mac léinn eile a chur ar an eolas go bhfuil an seomra ar fáil. Mhol

The issue of demand for Irish language services in College was discussed. Although no such statistics are available, in general staff members who provide services through Irish report that the demand is quite low, while students express nervousness or embarrassment around requesting the services. It is hoped that the awareness campaign will improve both elements of this issue. The Representative of the Graduate Students' Union suggested that it would be helpful for students who would like customer service through Irish in the Library to know which are the staff members offering the service, for example through a list on the Library website. The matter is to be discussed with the Representative of the Library, who was unable to attend this meeting.

There is now a staff member in the Enquiries Office who is able to deal with simple enquiries through Irish and she is currently undertaking language training.

Translation Services

Europus have been selected to provide translation services to the Irish Language Office (and the Irish Language Offices of University College Dublin / Dublin Institute of Technology) after a selection process between 3 companies, which was completed in August 2014. Europus has made commitments in the new contract regarding urgent documents, and the Representative of the Administrative and Support Area (the College Press-Officer) confirmed that there has been a significant improvement in the speed at which translations of press-releases are being returned to the Communications Office.

The Irish Language Officer is grateful for the work being done by Caoimhe Ní Bhraonáin, Department of Irish, in proofreading the Office's translations.

Seomra na Gaeilge (Irish Language Room)

Seomra na Gaeilge continues to be successful and the numbers using the room are growing year on year. An Cumann Gaelach run an event called "Anraith agus Arán" in the room, which attracts 40-50 people to the room each Wednesday.

A meeting of the Seomra na Gaeilge committee was held recently, and that committee were of the opinion that this success should be built on and further demand for the room created, for example by making other student societies aware that the room is available. The Seomra na

Coiste Sheomra na Gaeilge leasaithe éagsúla a dhéanamh ar an seomra, mar shampla leithreas a chur ar fáil d'úsáideoirí an tseomra san fhoirgneamh céanna (faoi láthair tá ar chuirteoirí dul chomh fada leis an Bhutrach i rith an lae nó an GMB san oíche), córas athchúrsála páipéir a bhunú, agus córas "buzzer" a chur i bhfeidhm a ligfeadh d'eagraitheoirí imeachtaí oíche doras an fhoirgnimh a oscailt go cianda.

Tá cárta eochrach anois á thabhairt ar iasacht do ghrúpaí a úsáideann an seomra le haghaidh imeachtaí san oíche, rud a chiallaíonn go bhfuil fáil isteach chuig an seomra ag na grúpaí sin i gcónaí, agus go mbíonn an seomra dúnta idir na gnáth-uaireanta oscailte agus an imeacht – rud a chuireann le slándáil an tseomra.

Beidh comharthaíocht threorach "gorm agus bán" go Seomra na Gaeilge á chrochadh roimh i bhfad, agus cuirtear fáilte mhór roimhe sin, mar tabharfaidh sé deis do níos mó daoine úsáid a bhaint as an seomra. Tá an tOifigeach Gaeilge buíoch d'Aontas na Mac Léinn agus do Rannóg na nEastát agus na Seirbhísí as an obair a rinne siad ar an ábhar seo.

Ranganna Gaeilge

Tá Conradh na Gaeilge i mbun ranganna Gaeilge a sholáthair do Choláiste na Tríonóide arís in 2014-15. Tá 5 leibhéal ar fáil ó ghlantosaítheoirí go hardrang comhrá.

Tugadh rogha do mhic léinn agus do bhaill foirne an Choláiste clárú do na ranganna ar líne trí Survey Monkey don chéad uair i mí Meán Fómhair 2014. Chláraigh 423 duine do na ranganna (in am) ar an iomlán, 323 acu ar líne. Sin i bhfad níos mó daoine ná mar a chláraigh riamh, agus má tá an freastal sásúil an téarma seo, leanfar leis an chlárú ar líne a chur ar fáil amach anseo. Bhí dhá oiread níos mó iarrthóirí ná mar a bhí spásanna ar fáil sna ranganna, mar sin cuireadh 2 rang breise ar siúl le freastal ar chuid den fhuilleach sin.

Tá thart ar 40% de na daoine a chuir isteach ar ranganna Gaeilge an téarma seo ina mic léinn idirnáisiúnta. Labhair an tOifigeach Gaeilge ag treoshuíomh na mac léinn idirnáisiúnta (fochéimithe agus iarchéimithe), agus leanfaidh an tOifigeach de chomhoibriú leis an Oifig um Chaidreamh Domhanda chun blaiseadh den chultúr Gaelach a thabhairt do mhic léinn idirnáisiúnta mar chuid den eispéireas a

Gaeilge committee recommended that various improvements should be made to the room, for example to provide a toilet for users of the room (at present, visitors have to go as far as the Buttery during the day or the GMB at night), to establish a paper recycling system, and to install a "buzzer" system that would allow organisers of evening events to open the door of the building remotely.

A keycard is now being loaned to groups who use the room for evening events. This means that these groups will always have access to the room for their event(s), and that the room will be closed between the end of the normal opening hours and the start of the event – this improves the security of the room.

"Blue-and-white" directional signage to Seomra na Gaeilge will be erected soon, and this is very much welcomed, as it will give an opportunity to more people to use the room. The Irish Language Officer appreciates the work of the Students' Union and the Estates and Facilities on this matter.

Irish Language Classes

Conradh na Gaeilge are the providers of Irish classes to Trinity College again in 2014-15. There are 5 levels available, from total beginners to an advanced conversation class.

Students and staff were given the option to register for the classes online through Survey Monkey for the first time in September 2014. 423 people in total registered for the classes (in time), 323 of them online. Those figures represent a significant increase from the registration figures of previous years, and if attendance is satisfactory this term, the option of online registration will continue to be made available in future. There were twice as many applicants than there were spaces available in the classes, therefore 2 extra classes were scheduled to provide for some of the waiting list.

Approximately 40% of those who applied for Irish language classes this term are international students. The Irish Language Officer spoke at the international student orientation (undergraduates and postgraduates), and the Officer will continue to collaborate with the Global Relations Office to give international students a taste of gaelic culture as part of their experience of Trinity College.

bheidh acu i gColáiste na Tríonóide.

Tá an Teastas Eorpach sa Ghaeilge (TEG) á chur chun cinn go mór sna ranganna Gaeilge in 2014-15, agus é ráite sa Phlean Straitéiseach go gcuirfear leis an líon ball foirne a fhaigheann an cháilíocht sin. Tabharfar tacaíocht bhreise d'éinne a thugann faoin scrúdú, mar shampla plean staidéir phearsanta, ceardlann staidéir ag deireadh an téarma, agus €50 mar aisíocaíocht ar tháille an scrúdaithe do bhaill foirne (scéim phíolótach). Bhí seisiún eolais faoi TEG, le haoichainteoir ó Ollscoil Mhaigh Nuad, ar an 16 Deireadh Fómhair.

An Scéim Chónaithe

Tá 30 áit ar an Scéim Chónaithe arís i mbliana, 18 i Halla na Tríonóide agus 12 ar campas. Tá Benn Ó hÓgáin, a bhí ar an Scéim Chónaithe an bhliain seo caite, ina mheantóir, agus tá Cuisle Forde, Disciplín na Fisioteiripe, ina maor tí ar Theach na Gaeilge i Halla na Tríonóide. Tá ag éirí go maith leis an Scéim Chónaithe i mbliana – tugann na mic léinn cabhair ag imeachtaí Oifig na Gaeilge, mar shampla seastán eolais faoin Ghaeilge sa Choláiste i Seachtain na bhFreshers.

Imeachtaí

Tá imeachtaí rialta ar nós An Chéadaoin @ an Bhutrach agus an Lón Gaelach don Fhoireann fós ar siúl i mbliana.

Bhí turas foirne go dtí Reilig Ghlas Naíon i mí Mheithimh, a thug deis do chainteoirí Gaeilge ó rannóga éagsúla sa choláiste aithne a chur ar a chéile i suíomh neamhfhoirmeálta.

Seoladh leagan Gaeilge den tionscadal “Beautiful Mars” i mí Dheireadh Fómhair, a raibh baint mhór ag Coláiste na Tríonóide leis, agus chuir na meáin náisiúnta spéis ann.

Ghlac Oifig na Gaeilge agus an Cumann Gaelach páirt i gComhrá 14, curiarracht dhomhanda ar an chomhrá Gaeilge is faide riamh.

Ar Lá na Gaeilge, d’eagraigh Oifig na Gaeilge agus an Cumann Gaelach turas teoraithe trí Ghaeilge ar Leabhar Ceanannais, buíochas le Clíona Ní Shuilleabháin agus le hAnne-Marie Diffley ón Leabharlann. Chuir an imeacht seo daoine ar an eolas go bhfuil an tseirbhís sin ar fáil.

The European Certificate in Irish (TEG) is being greatly promoted in the Irish language classes in 2014-15, as it is stated in the Strategic Plan that the amount of staff members who earn a TEG qualification will be increased. Extra support will be given to anyone who undertakes the exam, for example a personal study plan, a study workshop at the end of term, and €50 reimbursement of the exam fee for staff members (this is a pilot scheme). An information session on TEG, with a guest speaker from Maynooth University, was held on 16 October.

Irish Language Residency Scheme

There are 30 places on the Irish Language Residency Scheme again this year, 18 in Trinity Hall and 12 on campus. Benn Ó hÓgáin, who was on the Residency Scheme last year, is mentor of the Scheme, and Cuisle, Discipline of Physiotherapy, is the house warden of the Irish-speaking house in Trinity Hall. The Residency Scheme is doing well this year – the students assist with Irish Language Office events, such as an information stand about the Irish language in College during Freshers’ Week.

Events

Regular events such as Wednesday @ the Buttery and the Irish Language Staff Lunch are continuing this year.

There was a staff trip to Glasnevin Cemetery in June, which gave Irish speakers from various departments the opportunity to get to know each other in an informal situation.

An Irish-language version of the “Beautiful Mars” project, which Trinity College was significantly involved in, was launched in October. National media took an interest in this story.

The Irish Language Office and An Cumann Gaelach took part in Comhrá 14, a world record attempt at the longest ever conversation in Irish.

On Lá na Gaeilge (Irish Language Day), the Irish Language Office and An Cumann Gaelach organised a guided tour through Irish of the Book of Kells, with thanks to Clíona Ní Shuilleabháin and Anne-Marie Diffley from the Library. The event raised awareness of the availability of this service.

An Cumann Gaelach

Thug an tOifigeach Gaeilge sonraí don choiste maidir leis an urraíocht atá tugtha don Chumann ó thús na bliana acadúla seo (€1,280), le himeachtaí agus foilseacháin Ghaeilge a chur ar fáil.

6. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh

Labhair Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh faoi bhuaicphointí na bliana go dtí seo, agus na pleananna atá ag an Chumann don bhliain.

Chláraigh os cionn 1,000 ball leis an Chumann Gaelach agus bhí imeachtaí móra rathúla acu i rith Seachtain na bhFreshers. Rud nua i mbliana ná go raibh “Seoladh na Bliana” acu i dTeach an Ardmhéara, agus labhair an Coimisinéir Teanga ag an ócáid. Tá feabhas curtha ar an chiorcal comhrá seachtainiúil chomh maith, trí théama a thabhairt do gach cruinniú agus imeacht a dhéanamh de. Beidh 80 ball ag tabhairt cuairte ar an Oireachtas ar an 31 Samhain.

Tá an Cumann Gaelach ag comhoibriú go mór le grúpaí eile. Mar shampla, tá imeachtaí nó tionscadail curtha ar siúl acu le Cumann na Mac Léinn Idirnáisiúnta, Dance Soc, Cancer Soc agus DUAMS (Cumann an Cheoil Mhalartaigh). Tá an Cumann Gaelach agus Aontas na Mac Léinn ag comhoibriú ar shuíomh an Aontais a chur ar fáil go dátheangach, agus ríomhphost seachtainiúil an Aontais a chur amach as Gaeilge. Bíonn an Cumann Gaelach ag comhoibriú le Cumainn Ghaelacha in ollscoileanna eile chomh maith.

Tá sé ar intinn ag an Chumann Gaelach suirbhé a dhéanamh ar an méid feasachta atá ann i measc mac léinn Choláiste na Tríonóide maidir leis na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil. Bheadh suim ag an Choiste torthaí an tsuirbhé sin a fheiceáil. Mhol Rúnaí an Choláiste an Cumann Gaelach as an chomhoibriú atá ar bun acu ach go háirithe.

7. Tuairisc Airgeadais ó Oifig na Gaeilge

Thug Oifigeach na Gaeilge tuairisc airgeadais don Choiste, ag déanamh achoimre ar chaiteachas Oifig na Gaeilge sa bhliain 2013-14. Cuntas eatramhach é seo.

Tá polasaí ag an Oifig le cúpla bliain anuas roinnt airgid a shábháil ag deireadh na bliana, toisc go bhfuil deontas an Choláiste ón HEA le haghaidh

An Cumann Gaelach

The Irish Language Officer presented the committee with details of the funding that has been given to An Cumann Gaelach in this academic year to date (€1,280), to provide Irish language events and publications.

6. Report of An Cumann Gaelach

The Reachtaire of An Cumann Gaelach spoke about the highlights of the year so far, and the society’s plans for the year.

During Freshers’ Week, over 1,000 members registered with An Cumann Gaelach and the society held some large, successful events. A new initiative this year was the “Launch of the Year” in the Lord Mayor’s residence, at which An Coimisinéir Teanga (the Language Commissioner) spoke. The weekly conversation circle has also been improved, by making a themed event of each meeting. 80 members of An Cumann Gaelach will be attending Oireachtas na Samhna on 31 October.

An Cumann Gaelach are co-operating extensively with other groups. For example, they are running events or projects with the International Students’ Society, Dance Soc, Cancer Soc agus DUAMS (the Alternative Music Society). An Cumann Gaelach and the Students’ Union are collaborating to make the Students’ Union website available bilingually, and to send a weekly Students’ Union email in Irish. An Cumann Gaelach also co-operate regularly with Irish-language societies in other universities.

An Cumann Gaelach intend to conduct a survey into the level of awareness that Trinity College students have of the Irish language services that are available. The Committee would be interested in seeing the results of that survey. The College Secretary praised An Cumann Gaelach for their co-operative work in particular.

7. Financial Report from the Irish Language Office

The Irish Language Officer gave a financial report to the Committee, summarising Irish Language Office expenditure in 2013-14. This is an interim account.

The Office has had a policy in recent years of saving some money at the end of each year, so that a reserve is available to provide the basic services of the Office in the

gníomhaíochtaí Gaeilge ag titim bliain i ndiaidh bliana, agus gur mhaith an rud é cúlchiste a bheith ag an Oifig leis na bunseirbhísí a chur ar fáil sa todhchaí sa chás go laghdaítear buiséad na hOifige.

Beidh an Oifig ag caitheamh an bhuiséid iomlán ar an bhliain seo chugainn, le cinntiú go gcaitear an t-airgead sin ar chúrsaí Gaeilge.

Cuireadh plan garbh ar bhuiséad 2014/15 os comhair an Choiste, agus glacadh le plan chun ciste beag (€500, ar bhonn phíolótach) a bhunú le haghaidh grúpaí mac léinn taobh amuigh den Chumann Gaelach atá ag cur na Gaeilge chun cinn.

Níor ghlac an Coiste le moladh an Oifigigh Ghaeilge gur chóir cuid de bhuiséad Oifig na Gaeilge a chaitheamh ar chomharthaíocht sa Choláiste a nuashonrú le teacht leis na rialacháin teanga (sa chás go mbeadh fuilleach sa bhuiséad), mar tá prionsabal seanbhunaithe ann go bhfuil an freagracht ag gach rannóg an reachtaíocht teanga a chomhlíonadh iad féin. Tá Oifig na Gaeilge sásta íoc as na comharthaí nua do Sheomra na Gaeilge.

D'aontaigh an Coiste gur cóir tosaíocht a thabhairt do freastal a dhéanamh ar iarrthóirí ar ranganna Gaeilge, agus ranganna breise a chur ar siúl más gá, má tá go leor airgid ar fáil chuige sin nuair atá sonraí an bhuiséid á dheimhniú.

8. An Ghaeilge agus an Plean Straitéiseach

Seoladh Plean Straitéiseach Choláiste na Tríonóide 2014-2019 le déanaí, agus tá sé ar fáil as Gaeilge agus as Béarla. Tugadh cóipeanna crua Gaeilge amach ag an seoladh, agus labhraíodh neart Gaeilge i measc chainteoirí na hócáide chomh maith.

Déantar tagairtí díreacha don Ghaeilge sa Phlean faoin rannóg “Comhionannas, Éagsúlacht agus an Ghaeilge”. Tugtar spriocanna áirithe maidir leis an Ghaeilge, agus deirtear go bhfuil an coláiste “tiomanta i leith na Gaeilge mar ghné lárnach de shaol an choláiste agus mar ghné luachmhar d’éagsúlacht an choláiste”. Gealltar go “leanfaimid de thacaíocht a thabhairt i gcomhair úsáid agus chur chun cinn na Gaeilge agus de sheirbhísí Gaeilge a fheabhsú.” Cuireann an Coiste fáilte roimh na ráitis seo.

Tá Coiste na Gaeilge chun machnamh a dhéanamh

context of a falling annual HEA grant to the College for Irish language activities, and the possibility of reductions in the Office’s budget.

The Office intends to spend its entire budget in 2014/15, to ensure that that money is spent in the area of the Irish language.

A rough plan for the 2014/15 budget was presented to the Committee, and a plan to found a small fund (€500, on a pilot basis) for the promotion of Irish by student groups other than An Cumann Gaelach was approved.

The Committee did not approve a recommendation by the Irish Language Officer that part of the Irish Language Office’s budget should be spent on updating College to bring it into compliance with the language regulations (in the case of funds being available in the budget), as there is a long-established principle that each area is responsible for the implementation of the language legislation in their own area. The Irish Language Office is happy to pay for the new signs for Seomra na Gaeilge.

The Committee agreed that priority should be given to providing for the applicants to Irish language classes, and arranging extra classes if necessary, if sufficient funds are available for same when the details of the budget are confirmed.

8. The Irish Language and the Strategic Plan

Trinity College’s Strategic Plan 2014-2019 was launched recently, and it is available in Irish and in English. Irish-language hard copies were distributed at the launch, and Irish was spoken by speakers at the event as well.

Direct references are made to the Irish language in the Plan, in the “Equality, Diversity and Irish Language” section. Specific goals around the Irish language are detailed, and it is stated that the College is “committed to the Irish language as a central aspect of college life and as a valued element of college diversity”. It is promised that “we will continue to support the use and promotion of the Irish language, and to improve Irish language services.” These statements are welcomed by the Committee.

The Irish Language Committee will consider in future how

amach anseo ar na bealaí inar féidir leis spriocanna ginearálta an Choláiste a chur chun cinn trína chuid oibre ar son na Gaeilge, agus “rud éigin a thabhairt ar ais”, mar a déarfá. Luadh comhpháirteachas poiblí, caidreamh le alumni agus mic léinn idirnáisiúnta mar réimsí ina mbeadh an Ghaeilge ina bhuntáiste don Choláiste.

Pléadh ról na Gaeilge maidir le mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh ach go háirithe, agus moladh gur chóir d’Oifig na Gaeilge comhoibriú leis an Oifig um Chaidreamh Domhanda chun “pacáiste iomlán” a thabhairt do mhic léinn idirnáisiúnta, agus imeachtaí cultúrtha a chur ar fail dóibh chomh maith le ranganna Gaeilge. B’fhiú taighde margaíochta a dhéanamh ar an mhéid suime atá ag mic léinn idirnáisiúnta sa chultúr Gaelach, agus an saol Gaelach san ollscoil a chur os comhair mac léinn idirnáisiúnta ionchasacha.

9. Polasaí Gaeilge

Chuir an tOifigeach Gaeilge an chéad dréacht de Pholasaí Gaeilge Choláiste na Tríonóide os comhair an choiste roimh an chruinniú, agus pléadh tuairimí na mball ar an dréacht-pholasaí i rith an chruinnithe.

Luaigh Rúnaí an Choláiste gur chóir an Plean Straitéiseach agus Reachtanna an Choláiste a lua sa Pholasaí. Mhol sé freisin gur chóir “caveat” a thabhairt sa pholasaí maidir le seirbhísí Gaeilge sa Choláiste – tá ráite sa chéad dréacht go gcuirfear na seirbhísí sin ar fáil ar chomh-chaighdeán leis na seirbhísí coibhéiseacha sa Bhéarla, ach níor chóir gealltanais a thabhairt ar rud nach féidir linn a dhéanamh i gcónaí ag an pointe seo.

Tá an dréacht-pholasaí le cur amach chuig grúpaí ábharthachta ar nós ball an Chumainn Ghaelaigh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

10. Gradaim na Gaeilge

Bunófar Gradaim na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide i 2014/15, agus tá fochoiste de dhíth chun na hiarratais a mheas. B’fhéarr dá mbeadh cothromaíocht inscne agus meascán de bhaill fhoirne agus mhic léinn ar an fhochoiste. Chuir Fionn Ó Deá, Patricia O’Beirne, John Coman agus Aoife Crawford iad féin chun tosaigh. Tá spás amháin fós le líonadh, agus ball foirne á lorg.

it can promote the general goals of the College through its work for the Irish language – to “give something back” as one might say. Civic engagement, alumni relations and international students were mentioned as areas in which the Irish language could be an asset for the College.

The role of the Irish language in attracting international students was discussed in particular, and it was recommended that the Irish Language Office co-operate with the Global Relations Office to offer a “full package” to international students, providing cultural events for them as well as Irish language classes. Market research should be conducted into the amount of interest that international students have in gaelic culture, and the gaelic life in the university should be presented to prospective international students.

9. Irish Language Policy

The Irish Language Officer distributed the first draft of the Trinity College Irish Language Policy to the Committee before the meeting, and the members’ views on the draft policy were discussed during the meeting.

The College Secretary noted that the Strategic Plan and the College Statutes should be referenced in the Policy. He also recommended that a caveat should be included regarding Irish language services in the College – the first draft states that those services will be provided at the same standard as the equivalent services in English, but no promise should be made to provide something which we cannot currently guarantee at all times.

The draft policy is to be sent to relevant groups such as members of An Cumann Gaelach as part of the consultation process.

10. Irish Language Awards

Irish Language Awards will be founded in Trinity College in 2014/15, and a sub-committee is needed to assess the applications. A mix of staff members and students, with a balance of genders, would be preferable. Fionn Ó Deá, Patricia O’Beirne, John Coman and Aoife Crawford put themselves forward. One space is still vacant, for which a staff member is being sought.

11. Aon Ghnó Eile

Níor cuireadh aon ghnó eile os comhair an Choiste.

Tionólfar an chéad chruinniú eile de Choiste na Gaeilge san Earrach 2015.

11. Any Other Business

No other business was put to the Committee.

The next meeting of the Irish Language Committee will be called in Spring 2015.